Easpa Ban

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin easpa ban i bpoist áirithe in ollscoileanna na tíre. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail/frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail/frásaí ar dheis?

1. to create	*a) institiúidí tríú leibhéal*
2. third level institutions	*b) míchothromaíocht*
3. gender inequality	*c) conspóideach*
4. higher education	*d) idir dhá chomhairle*
5. imbalance	e) *luasghéarú*
6. short-term objectives	f) *a chruthú*
7. acceleration	g) *ardoideachas*
8. controversial	h) *aidhmeanna gearrthréimhseacha*
9. undecided	i) *dlíthiúlacht*
10. legality	j) *neamh-chomhionannas inscne*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus labhair leis an duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a bhfuil an rialtas ag cruthú poist nua do mhná in institiúidí tríú leibhéal?
2. Cén fáth ar luadh an figiúr 77% sa mhír?
3. Cad air a bhfuil an tOllamh Mac Craith ag caint nuair a deir sé go bhfuil ‘an dul ar aghaidh rómhall’?
4. Cén fáth a bhfuil an Dr. Micheline Sheehy Skeffington idir dhá chomhairle faoin scéal?

Ceist 4 Bhí a lán samplaí de chomhfhocail sa mhír. Éist arís leis an mír agus scríobh síos iad. An bhfuil an séimhiú san áit cheart agat? Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'post' san fhocal 'ardphost'?
2. Cén fáth a bhfuil fleiscín idir 'neamh' agus 'comhionannas' san fhocal neamh-chomhionannas?
3. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'cothromaíocht' san fhocal 'míchothromaíocht' agus ar 'mall' san fhocal 'rómhall'?

Ceist 5 Tá an obair <u>críochnaithe</u>.

1. Cén ghné den bhriathar atá i gceist sa sampla thuas?
2. Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den ghné sin a chloiseann tú inti.
3. Cuir na samplaí a chuala tú in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Féach ar na poist seo a leanas agus pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat.

Altra	Amhránaí
Cócaire	Dochtúir
Meicneoir	Múinteoir
Ollamh ollscoile	Rúnaí
Seoltóir proifisiúnta	Teachta Dála
Tiománaí bus	

1. Cuir uimhir 1 in aice leis an bpost ab fhearr leat, agus mar sin ar aghaidh go dtí go sroicheann tú an post nár mhaith leat ar chor ar bith. Cuir uimhir 10 in aice leis an gceann sin. Pléigí bhur roghanna le chéile agus bígí in ann a rá cén fáth ar roghnaigh sibh amhlaidh.

2. Féach ar na poist arís. An mná nó fir is mó a dhéanann gach post? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	a	j	g	b	h	e	c	d	i

Ceist 2
Is cleachtadh cainte é seo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí an méid a thuig siad faoin mír a phlé le chéile. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán ansin.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Comhfhocail sa mhír – ardphost, neamh-chomhionannas, ardoideachas, ollscoil, míchothromaíocht, gearrthréimhseach, luasghéarú, rómhall, comhionannas, Ard-Aighne.

1. Nuair a thagann dhá fhocal dhúchasacha le chéile (ard + post) cuirtear séimhiú ar an dara focal dar tús consan - *ardp**h**ost*. Ní shéimhítear focail nuair a thagann na déadaigh - **d**, **n**, **t**, **l** agus **s** - le chéile.
2. Nuair atá dhá réimír i gcomhfhocal, cuirtear fleiscín idir an chéad agus an dara réimír. Má thosaíonn siad ar chonsain, séimhítear an dara réimír and an focal atá á leanúint – *neamh-c**h**omhionannas* agus *iar-b**h**unscoil*.
3. Leanann séimhiú na réimíreanna **mí-** agus **ró-** agus leanann fleiscín iad i gcás gutaí – *míc**h**othromaíocht*, *róm**h**all* ach *mí-úsáid* agus *ró-óg*.

Ceist 5
An aidiacht bhriathartha - ardaithe, tarraingthe, déanta.

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na tuairimí a phlé leis an rang iomlán. Déan iarracht plé bríomhar a ghríosú faoi neamh-chomhionannas inscne sna gairmeacha beatha.

Siún Nic Gearailt
Anois, tá an rialtas chun 45 ardphost a chruthú in institiúidí tríú leibhéal do mhná amháin. Táthar á dhéanamh seo chun dul i ngleic le neamh-chomhionannas inscne san earnáil trí chéile, a deir an rialtas. Chuir institiúidí ardoideachais fáilte roimis[1] an bplean ach tá ceisteanna ardaithe ag léachtóirí áirithe.

Caoimhe Ní Laighin
Tá seacht n-ollscoil sa tír seo. Ní raibh uachtarán ban riamh ar aon cheann acu. 77% de na hollúna[2] in institiúidí tríú leibhéal na tíre seo, is fir iad. Seoladh plean gníomhaíochta[3] inniu chun dul i ngleic leis an míchothromaíocht seo, agus chun dul i ngleic leis go sciobtha.

Moltar sa phlean go gcaithfidh institiúidí aidhmeanna gearrthréimhseacha a bheith acu chun cothromaíocht a bhaint amach ag leibhéal na n-ollúna[4].

An tOllamh Brian Mac Craith, Uachtarán DCU
Is é an rud atá i gceist ná luasghéarú, *acceleration*, mar tá an dul ar aghaidh rómhall ag an am seo.

Caoimhe Ní Laighin
Moladh conspóideach eile atá ann nó go gcruthófar 45 post úr, a bheas[5] ar fáil do mhná amháin.

Sheila Nunan, Ball den Tascfhórsa maidir le Comhionannas Inscne
Tá sé conspóideach, ach léiríonn na figiúirí nach bhfuil na mná ag éirí[6] sna postanna[7] seo.

Caoimhe Ní Laighin
Thug an bhean seo cás an-cháiliúil i gcoinne a fostóirí – Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo, maidir le comhionannas, agus bhuaigh sí an cás sin. Ach tá sise idir dhá chomhairle faoin moladh áirithe seo.

An Dr. Micheline Sheehy Skeffington, Éiceolaí
Tá ceist ann faoi na postanna seo mar b'fhéidir go gceapfaidh daoine nach féidir leis[8] na mná sin, na postanna sin a fháil gan chuidiú.

Caoimhe Ní Laighin
Tá ceisteanna tarraingthe chomh maith maidir le dlíthiúlacht na bpostanna, ach tá scrúdú déanta ag an Ard-Aighne ar an moladh, a deir an rialtas.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] *roimh* an leagan caighdeánach
[2] *na hollaimh* a dúradh
[3] *plean gnímh* a dúradh
[4] *na n-ollamh* a dúradh
[5] *a bheidh* an leagan caighdeánach
[6] *nach bhfuil ag éirí leis na mná* a bhí i gceist
[7] *poist* an leagan caighdeánach
[8] nach mb'fhéidir a dúradh